**Ciorclán Uimhir 0036/2023**

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta Bunscoileanna, Iar-Bhunscoileanna, Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta agus Príomhfheidhmeannaigh Bord Oideachais agus Oiliúna**

# Foilsiú *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna (leasaithe 2023)*

## 1. Cuspóir an chiorcláin seo

Is é príomhchuspóir an chiorcláin seo ná comhairle a chur ar fáil d'údaráis bhainistíochta scoile go bhfuil na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna* ar a dtugtar "na nósanna imeachta" anseo nuashonraithe agus athfhoilsithe tar éis comhairliúcháin idir an Roinn Oideachais agus na comhpháirtithe oideachais.

## 2. Ginearálta agus dáta feidhme

**2.1** Tagann na nósanna imeachta athbhreithnithe in ionad nósanna imeachta 2017 agus cuirtear san áireamh an tAcht um Thús Áite do Leanaí, 2015 agus "Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí" a d'fhoilsigh an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige in 2017 (dá dtagraítear feasta "Treoir Náisiúnta um Thús Áite do Leanaí 2017"), an tAguisín le Tús Áite do Leanaí (2019), an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (RGCS), na Nósanna Imeachta um Chosaint agus Chumhdach Leanaí le haghaidh Saoráidí Cónaithe a bhaineann le Scoileanna Aitheanta 2023 agus An Chomhairle Mhúinteoireachta (Eolas á Sholáthar ag an bhFostóir má Bhristear Múinteoir as a P(h)ost nó má Éiríonn sé/sí As) 2023.

**2.2** Baineann na nósanna imeachta seo le gach bunscoil agus iar-bhunscoil aitheanta agus le lárionaid oideachais (mar a sainmhínítear san Acht Oideachais 1998), lena n-áirítear áiseanna cónaithe a bhaineann le scoileanna aitheanta, ar a bhfreastalaíonn leanaí agus daoine óga faoi bhun 18 mbliana d'aois.

**2.3** Ba chóir a thabhairt faoi deara go dtiocfaidh ceanglais uile na nósanna imeachta athbhreithnithe **i bhfeidhm ón 1 Meán Fómhair 2023**.

**2.4** Ba chóir aird fhoireann uile na scoile agus bhaill an bhoird bhainistíochta a dhíriú ar na nósanna imeachta athbhreithnithe. Ag an gcéad chruinniú tar éis 1 Meán Fómhair 2023 glacfaidh an bord bainistíochta go foirmiúil le nósanna imeachta 2023.

**2.5** Tá na nósanna imeachta athbhreithnithe foilsithe ar láithreán gréasáin na Roinne agus is féidir iad a rochtain ar gov.ie anseo

## 3. An tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus Treoir Náisiúnta um Thús Áite do Leanaí 2017

**3.1** Ó foilsíodh na nósanna imeachta in 2017, tá an-taithí ag scoileanna ar na dualgais reachtúla a leag an tAcht um Thús Áite do Leanaí, 2015 ar ghairmithe áirithe, lena n-áirítear gach múinteoir cláraithe, dá dtagraítear mar dhaoine sainordaithe san Acht. Chomh maith leis sin, tá dualgais reachtúla áirithe ar eagraíochtaí áirithe a sholáthraíonn seirbhísí do leanaí, scoileanna sa áireamh.

**3.2** Tá an-taithí ag scoileanna ar na dualgais atá leagtha amach sa Treoir Náisiúnta um Thús Áite do Leanaí 2017 a bhaineann le daoine sainordaithe ar nós múinteoirí cláraithe agus na hoibleagáidí reachtúla a bhaineann le heagraíochtaí, ar nós scoileanna, faoin Acht. Leagann an tAcht amach freisin na dualgais dea-chleachtais (neamhreachtúla) atá i bhfeidhm do gach duine aonair (múinteoirí san áireamh) agus do gach earnáil den tsochaí. Feidhmíonn an tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015 taobh le taobh leis an Treoir Náisiúnta um Thús Áite do Leanaí 2017.

## 4. Cuspóir na nósanna imeachta athbhreithnithe

**4.1** Leanann na nósanna imeachta athbhreithnithe ag cur stiúir agus treorach ar fáil d'údaráis scoile agus do phearsanra na scoile maidir lena ndualgas reachtúla a chomhlíonadh faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus i gcur i bhfeidhm leanúnach na treorach dea-chleachtais (neamhreachtúil) atá leagtha amach sa Treoir Náisiúnta um Thús Áite do Leanaí 2017.

**4.2** Tá na hathruithe ar na nósanna imeachta athbhreithnithe leagtha amach in Aguisín 5 de na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna (leasaithe 2023)*. Áirítear leis na hathruithe seo:

**a)** Nósanna imeachta tuairiscithe nuashonraithe ag alt 9.5 de na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna (leasaithe 2023)*, a chuireann ar chumas an bhoird bhainistíochta a socruithe maoirseachta a dhéanamh agus gan eolas a nochtadh faoin mball den phearsanra scoile a ndéantar líomhain ina c(h)oinne ná ainm an linbh a nochtadh don bhord. Ní mór an fhaisnéis seo a bheith anaithnid anois sna doiciméid a chuirtear ar fáil mar chuid den Tuairisc Mhaoirseachta ar Chosaint Leanaí. **Leanann an prótacal, mar a bhí roimhe seo, lena n-údaraítear gníomhú láithreach gan ainm a luadh.** Ní mór d'fhostóirí (boird bhainistíochta nó Príomhfheidhmeannaigh BOOanna, de réir mar is cuí) iad féin a chur ar an eolas faoi na nósanna imeachta athbhreithnithe agus a chinntiú go

gcloítear mar is cóir leo do gach Tuairisc Mhaoirseachta ar Chosaint Leanaí a chuirtear faoi bhráid an bhoird ón 1 Meán Fómhair 2023.

**b)** Tagairt do Thús Feidhme Rialacháin na Comhairle Múinteoireachta (Eolas á Sholáthar ag an bhFostóir má Bhristear Múinteoir as a P(h)ost nó má Éiríonn sé/sí As) 2023, **ón 11 Bealtaine 2023**. Ní mór d'fhostóirí iad féin a chur ar an eolas maidir leis na rialacháin seo, atá ar fáil anseo.

**c)** Soiléiriú go mbíonn Measúnú Riosca i gcónaí sa Ráiteas um Chosaint Leanaí. Doiciméad amháin atá ann agus ní mór do bhoird bhainistíochta, agus iad ag déanamh athbhreithnithe ar a Ráiteas um Chosaint Leanaí, úsáid a bhaint as an teimpléad éigeantach is déanaí atá ar fáil ar an láithreán gréasáin gov.ie anseo.

**d)** Tagairt do na *Nósanna Imeachta um Chosaint agus Chumhdach Leanaí le haghaidh Saoráidí Cónaithe a bhaineann le Scoileanna Aitheanta 2023* a foilsíodh le déanaí.

**e)** Tagairt don Aguisín le Tús Áite do Leanaí (2019)

**f)** Tagairt don Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (RGCS)

## 5. Na chéad chéimeanna eile

**5.1** Baineann riachtanais uile na nósanna imeachta athbhreithnithe le gach pearsanra agus údarás scoile **le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 2023.**

**5.2** Tá sé de fhreagracht ar gach údarás scoile ábhartha na socruithe riachtanacha a chur i bhfeidhm chun lán-chomhlíonadh a chinntiú leis na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna (leasaithe 2023).*
Go háirithe:

a) Ní mór an doiciméid chuirtear ar fáil mar chuid den Tuarascáil Maoirseachta um Chosaint Leanaí a anaithnidiú anois chun a chinntiú **nach nochtfar céannachtaí aon leanaí ná aon pháirtithe eile, lena n-áirítear an ball pearsanra scoile** lena mbaineann an t-ábhar imní nó an tuairisc.

b) Ní mór d'fhostóirí fógra a thabhairt don Chomhairle Mhúinteoireachta nuair a dhéantar múinteoir a dhífhostú ón 11 Bealtaine 2023 ar aghaidh (nó nuair a éireoidh sé/sí as oifig tar éis gearáin a bheith déanta nó próiseas araíonachta a agairt).

**5.3** Ba cheart do gach údarás scoile ábhartha, an chéad uair eile a bhíonn a Ráiteas um Chosaint Leanaí á athbhreithniú, a chinntiú go bhfuiltear ag baint úsáide as na teimpléid éigeantacha is déanaí atá curtha ar fáil ag an Roinn don Ráiteas um Chosaint Leanaí (lena n-áirítear Measúnú Riosca), an t-athbhreithniú bliantúil agus an fógra faoin athbhreithniú bliantúil. Tá siad ar fáil anseo. Tá nótaí treorach agus teimpléid roghnacha ar fáil ag an nasc céanna.

## 6. Tacaíocht do scoileanna

**6.1** Tá rogha leathan doiciméad agus tacaíochtaí ar fáil ar na láithreáin ghréasáin gov.ie, Oide (SFGM roimhe seo) agus Tusla. Ina measc seo tá:

Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023)

Treoir do Chigireachtaí um Chosaint agus Chumhdach Leanaí

Nósanna Imeachta um Chosaint agus Chumhdach Leanaí le haghaidh Saoráidí Cónaithe a bhaineann le Scoileanna Aitheanta 2023

Treoir maidir le cigireachtaí um Chosaint agus Chumhdach Leanaí i Saoráidí Cónaithe atá bainteach le Scoileanna Aitheanta 2023

Nuashonraíodh na teimpléid agus na nótaí treorach chun na nósanna imeachta athbhreithnithe a chur san áireamh. Cinntigh go n-úsáidtear na leaganacha nuashonraithe atá ar fáil anseo anseo

Tairseach tuairiscithe slán ar líne Tusla anseo

Modúil ríomhfhoghlama um chosaint leanaí Oide (SFGM roimhe) anseo agus anseo

Modúil oiliúna Tús Áite do Leanaí Tusla anseo

**6.2** Ba chóir ceisteanna ginearálta maidir le FGL um chosaint leanaí a chur chuig Rannóg um Oideachas Múinteoirí na Roinne ag: TES@education.gov.ie

## 7. Fiosruithe maidir leis na nósanna imeachta athbhreithnithe

**7.1** Ba chóir aon cheisteanna maidir leis na nósanna imeachta athbhreithnithe a ardú ar an gcéad dul síos leis an Teagmhálaí Ainmnithe nó le bord bainistíochta na scoile, de réir mar is cuí.

**7.2** Ba chóir ceisteanna ginearálta maidir leis na nósanna imeachta athbhreithnithe a chur ar ríomhphost chuig an Roinn ag: childprotection@education.gov.ie

## 8. Scaipeadh an chiorcláin

**8.1** Ba choir cóip den chiorclán seo a chur ar fáil do bhaill an bhoird bhainistíochta agus d'fhoireann na scoile. Ba chóir cóip a chur ar fáil freisin do chumann na dtuismitheoirí. Is féidir an ciorclán a rochtain ar láithreán gréasáin na Roinne Oideachais ag Ciorcláin (gov.ie/education). Tá leagan Béarla den chiorclán seo ar fáil freisin ar láithreán gréasáin na Roinne.

**Eisithe ag: Judith Lyons**
**Príomhoifigeach**
**Aonad um Thuismitheoirí agus Fhoghlaimeoirí**

**Dáta eisithe: Lúnasa 2023**

.....